Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 271

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

14 Iúil 2022

Clár

II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2022/C 271/01 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10750 – KÄRCHER / WOCO / WAIRIFY) [1] 1

2022/C 271/02 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10618 — WACKER NEUSON / PORR / UMDASCH GROUP / SEQUELLO JV) [1] 2

III *Gníomhartha ullmhúcháin*

AN BANC CEANNAIS EORPACH

2022/C 271/03 Tuairim ón Mbanc Ceannais Eorpach den 4 Iúil 2022 maidir le moladh le haghaidh rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 974/98 maidir leis an euro a thabhairt isteach sa Chróit agus maidir le moladh le haghaidh rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 2866/98 maidir leis an ráta comhshó go dtí an euro don Chróit (CON/2022/24) 3

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Chomhairle

2022/C 271/04 Cinneadh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Iodáil 4

GA

[1] Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

An Coimisiún Eorpach

2022/C 271/05 Rátaí malairte an euro — 13 Iúil 2022 6

FÓGRAÍ A bhAineAnn LEIS An LimistéAr EorpAch EAcnAmAíoch

Údarás Faireacháin CSTE

2022/C 271/06 Státchabhair – Cinneadh gan agóid a dhéanamh 7

2022/C 271/07 Státchabhair – Cinneadh gan agóid a dhéanamh 8

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne

2022/C 271/08 Fógra comórtais oscailte 9

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

Cúirt an EFTA

2022/C 271/09 Caingean arna tionscnamh an 3 Meitheamh 2022 ag Údarás Faireacháin CSTE i gcoinne na hÍoslainne (Cás E-6/22) 10

2022/C 271/10 Caingean arna tionscnamh an 3 Meitheamh 2022 ag Údarás Faireacháin CSTE i gcoinne na hÍoslainne (Cás E-7/22) 11

2022/C 271/11 Caingean arna tionscnamh an 3 Meitheamh 2022 ag Údarás Faireacháin CSTE i gcoinne na hÍoslainne (Cás E-8/22) 14

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2022/C 271/12 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10747 – BHC / DUSSUR / BAKER PETROLITE SAUDI COMPANY JV) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) 16

2022/C 271/13 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10784 – BAIN CAPITAL / BPEA / CITIUSTECH) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) 18

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Faisnéis)

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

(Cás M.10750 – KÄRCHER / WOCO / WAIRIFY)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 271/01)

An 5 Iúil 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i nGearmáinis amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10750. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

(Cás M.10618 — WACKER NEUSON / PORR / UMDASCH GROUP / SEQUELLO JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 271/02)

An 11 Iúil 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i nGearmáinis amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10618. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

AN BANC CEANNAIS EORPACH

TUAIRIM ÓN MBANC CEANNAIS EORPACH

den 4 Iúil 2022

maidir le moladh le haghaidh rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 974/98 maidir leis an euro a thabhairt isteach sa Chróit agus maidir le moladh le haghaidh rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 2866/98 maidir leis an ráta comhshó go dtí an euro don Chróit

(CON/2022/24)

(2022/C 271/03)

Réamhrá agus bunús dlí

An 3 Meitheamh 2022, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarratas ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar thuairim maidir le moladh le haghaidh rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 974/98 maidir leis an euro a thabhairt isteach sa Chróit ([1]). Ar an 1 Iúil 2022, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarratas ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar thuairim maidir le moladh le haghaidh rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 2866/98 maidir leis an ráta comhshó go dtí an euro don Chróit ([2]).

Tá inniúlacht BCE maidir le tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagal 140(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

Breathnuithe

1. Leis na rialacháin atá beartaithe beifear in ann an euro a thabhairt isteach mar airgeadra na Cróite tar éis mhaolú na Cróite a aisghairm i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 140(2) den Chonradh.

2. Fáiltíonn an BCE roimh na rialacháin atá beartaithe.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 4 Iúil 2022.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

([1]) COM(2022) 281 final.
([2]) COM(2022) 319 final.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN CHOMHAIRLE

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Iúil 2022

lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Iodáil

(2022/C 271/04)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint do liostaí na n-iarrthóirí a chuir Rialtais na mBallstát faoi bhráid na Comhairle,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh uaithi an 24 Feabhra 2022 ([2]), cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 28 Feabhra 2025.

(2) Tá ainmniúcháin bhreise tíolactha ag Rialtas na hIodáile i dtaca le roinnt post atá le líonadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo ceaptar na daoine seo a leanas mar chomhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 28 Feabhra 2025:

I. IONADAITHE RIALTAIS

Ballstát	Comhaltaí	Comhaltaí malartacha
an Iodáil	Antonio VALENTI	Laura TOMASSINI

([1]) IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

([2]) Cinneadh ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C 92, 25.2.2022, lch. 1).

II. IONADAITHE CEARDCHUMAINN

Ballstát	Comhaltaí	Comhaltaí malartacha
an Iodáil	Fabio DURANTE	Cinzia FRASCHERI Susanna COSTA

III. IONADAITHE FOSTÓIRÍ

Ballstát	Comhaltaí	Comhaltaí malartacha
an Iodáil	Fabiola LEUZZI	Fabrizio MONACO Pier Paolo MASCIOCCHI

Airteagal 2

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós tráth níos déanaí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Iúil 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. STANJURA

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro [1]

13 Iúil 2022

(2022/C 271/05)

1 euro =

	Airgeadra	Ráta malairte		Airgeadra	Ráta malairte
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,0067	CAD	dollar Cheanada	1,3073
JPY	yen na Seapáine	138,02	HKD	dollar Hong Cong	7,9025
DKK	krone na Danmhairge	7,4416	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,6350
GBP	punt steirling	0,84371	SGD	dollar Shingeapór	1,4134
SEK	krona na Sualainne	10,6020	KRW	won na Cóiré Theas	1 311,40
CHF	franc na hEilvéise	0,9829	ZAR	rand na hAfraice Theas	17,0527
ISK	króna na hÍoslainne	138,30	CNY	renminbi-yuan na Síne	6,7722
NOK	krone na hIorua	10,2428	HRK	kuna na Cróite	7,5155
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	IDR	rupiah na hIndinéise	15 117,08
CZK	koruna Phoblacht na Seice	24,397	MYR	ringgit na Malaeisia	4,4667
HUF	forint na hUngáire	409,35	PHP	peso na nOileán Filipíneach	56,669
PLN	zloty na Polainne	4,8240	RUB	rúbal na Rúise	
RON	leu na Rómáine	4,9414	THB	baht na Téalainne	36,377
TRY	lira na Tuirce	17,5629	BRL	real na Brasaíle	5,4533
AUD	dollar na hAstráile	1,4802	MXN	peso Mheicsiceo	20,9029
			INR	rúipí na hIndia	80,1285

[1] *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

FÓGRAÍ A BHAINEANN LEIS AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH

ÚDARÁS FAIREACHÁIN CSTE

Státchabhair – Cinneadh gan agóid a dhéanamh

(2022/C 271/06)

Níl aon agóid á déanamh ag Údarás Faireacháin CSTE in aghaidh an bhirt státchabhrach a leanas:

Dáta glactha an chinnidh	23 Feabhra 2022
Cás-uimhir	88118
Uimhir an Chinnidh	052/22/COL
Stát CSTE	An Iorua
Teideal (agus/nó ainm an tairbhí)	Ráta nialais CBT a fhadú le haghaidh seirbhísí áirithe nuachta leictreonaí
Bunús dlí	Gníomh maidir le Cáin Bhreisluacha an 19 Meitheamh 2009, Uimh. 58; agus Rialachán maidir le Cáin Bhreisluacha an 15 Nollaig 2009, Uimh. 1540
An cineál birt	Scéim
Cuspóir	Is é is cuspóir leis an ngníomh tacú leis an éileamh atá ag tomhaltóirí ar nuacht agus cúrsaí reatha, agus iolrachas na meán agus an éagsúlacht a chur chun cinn
An cineál cabhrach	Ráta nialais Cánach Breisluacha
Buiséad	Thart ar NOK 500 milliún in aghaidh na bliana
Fad	Go dtí an 1 Márta 2028
Earnálacha eacnamaíocha	Seirbhísí craoltóireachta agus seirbhísí nuachta ar éileamh a mbíonn ábhar éisteachta nó closamhairc i gceist leo den chuid is mó
Ainm agus seoladh an údaráis deonúcháin	An Aireacht Airgeadais B.O. Poist 8008, Roinn N-0030 Osló AN IORUA

Téacs barántúil an chinnidh, téacs as ar baineadh an fhaisnéis rúnda ar fad, is féidir teacht air ar shuíomh gréasáin Údarás Faireacháin CSTE: http://www.eftasurv.int/state-aid/state-aid-register/decisions/

Státchabhair – Cinneadh gan agóid a dhéanamh

(2022/C 271/07)

Níl aon agóid á déanamh ag Údarás Faireacháin CSTE in aghaidh an bhirt státchabhrach a leanas:

Dáta glactha an chinnidh	An 1 Márta 2022
Cás-uimhir	88256
Uimhir an Chinnidh	061/22/COL
Stát CSTE	An Iorua
Teideal (agus/nó ainm an tairbhí)	Leasuithe COVID-19 ar an scéim cúitimh le haghaidh imeachtaí cultúrtha a cuireadh ar ceal agus a gearradh siar
Bunús dlí	Rialachán maidir le scéim shealadach cúitimh le haghaidh imeachtaí cultúrtha a cuireadh ar ceal nó a gearradh siar sa tréimhse idir an 1 Samhain 2021 agus an 28 Feabhra 2022 de thoradh ráig COVID-19
An cineál birt	Scéim
Cuspóir	Réiteach ar shuaitheadh tromchúiseach sa gheilleagar
An cineál cabhrach	Deontas díreach
Buiséad	NOK 480 milliún
An déine	70 %
Fad	Go dtí an 30 Meitheamh 2022
Earnálacha eacnamaíocha	Earnáil an chultúir
Ainm agus seoladh an údaráis deonúcháin	Lotteri- og stiftelsestilsynet P.O. Box 800 N-6805 Førde AN IORUA

Téacs barántúil an chinnidh, téacs as ar baineadh an fhaisnéis rúnda ar fad, is féidir teacht air ar shuíomh gréasáin Údarás Faireacháin CSTE:

http://www.eftasurv.int/state-aid/state-aid-register/decisions/

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

FÓGRA COMÓRTAIS OSCAILTE

(2022/C 271/08)

Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú an chomórtais oscailte seo a leanas:

EPSO/AST/153/22 – Cinn riaracháin (AST 4) i dToscaireachtaí an Aontais Eorpaigh

Tá an fógra comórtais seo foilsithe i 24 theanga in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* **C 271 A an 14 Iúil 2022.**

Tá tuilleadh eolais ar shuíomh gréasáin EPSO: https://epso.europa.eu/

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

CÚIRT AN EFTA

Caingean arna tionscnamh an 3 Meitheamh 2022 ag Údarás Faireacháin CSTE i gcoinne na hÍoslainne

(Cás E-6/22)

(2022/C 271/09)

Thug Údarás Faireacháin CSTE caingean i gcoinne na hÍoslainne os comhair Chúirt CSTE an 3 Meitheamh 2022, agus ionadaíocht á déanamh don Údarás sin ag Kyrre Isaksen, Ingibjörg-Ólöf Vilhjálmsdóttir, agus Melpo-Menie Joséphidès, ag gníomhú dóibh mar Ghníomhairí Údarás Faireacháin CSTE, Avenue de Arts 19H, B-1000 an Bhruiséil, an Bheilg.

Iarrann Údarás Faireacháin CSTE ar Chúirt CSTE an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. A dhearbhú, maidir leis an nGníomh dá dtagraítear i bpointe 19bi d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/778 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na himthosca agus na coinníollacha faoina bhféadfar íocaíocht na ranníocaíochtaí urghnácha *ex post* a chur siar go páirteach nó go hiomlán, agus maidir leis na critéir chun gníomhaíochtaí, seirbhísí agus oibríochtaí a chinneadh i dtaca le feidhmeanna criticiúla, agus chun na línte gnó agus seirbhísí gaolmhara i ndáil le croílínte gnó a chinneadh), arna oiriúnú le Prótacal 1 a ghabhann le Comhaontú LEE, gur mhainnigh an Íoslainn a cuid oibleagáidí faoi Airteagal 7 de Chomhaontú LEE a chomhlíonadh toisc nár éirigh léi cuid dá dlíchóras inmheánach a dhéanamh den Ghníomh sin;
2. Ordú a thabhairt don Íoslainn costais na n-imeachtaí sin a iompar.

An cúlra dlíthiúil agus an cúlra fíorasach, mar aon le pléadálacha faoin dlí a tugadh ar aird chun tacú leis an méid sin:

— Leis an iarratas seo, lorgaíonn Údarás Faireacháin CSTE dearbhú, maidir leis an nGníomh dá dtagraítear i bpointe 19bi d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), eadhon Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/778 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na himthosca agus na coinníollacha faoina bhféadfar íocaíocht na ranníocaíochtaí urghnácha ex post a chur siar go páirteach nó go hiomlán, agus maidir leis na critéir chun gníomhaíochtaí, seirbhísí agus oibríochtaí a chinneadh i dtaca le feidhmeanna criticiúla, agus chun na línte gnó agus seirbhísí gaolmhara i ndáil le croílínte gnó a chinneadh ("an Gníomh"), arna oiriúnú le Prótacal 1 a ghabhann le Comhaontú LEE, gur mhainnigh an Íoslainn na bearta is gá a ghlacadh chun cuid dá dlíchóras inmheánach a dhéanamh den ghníomh sin.

— Maíonn Údarás Faireacháin CSTE gur mhainnigh an Íoslainn a hoibleagáidí faoi Airteagal 7 de Chomhaontú LEE a chomhlíonadh trí gan cuid dá dlíchóras inmheánach a dhéanamh den Gníomh laistigh den am a fhorodaítear.

Caingean arna tionscnamh an 3 Meitheamh 2022 ag Údarás Faireacháin CSTE i gcoinne na hÍoslainne

(Cás E-7/22)

(2022/C 271/10)

Thug Údarás Faireacháin CSTE caingean i gcoinne na hÍoslainne os comhair Chúirt CSTE an 3 Meitheamh 2022, agus ionadaíocht á déanamh don Údarás sin ag Kyrre Isaksen, Ingibjörg-Ólöf Vilhjálmsdóttir, agus Melpo-Menie Joséphidès, ag gníomhú dóibh mar Ghníomhairí Údarás Faireacháin CSTE, Avenue de Arts 19H, B-1000 an Bhruiséil, an Bheilg.

Iarrann Údarás Faireacháin CSTE ar Chúirt CSTE an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. A dhearbhú gur mhainnigh an Íoslainn a hoibleagáidí faoi Airteagal 7 de Chomhaontú LEE a chomhlíonadh trí gan cuid dá dlíchóras a dhéanamh de na gníomhartha seo a leanas, arna hoiriúnú le Prótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú sin:

   a. Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2022 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála a bhaineann leis an bhfaisnéis chun gnólachtaí tríú tíortha a chlárú agus le formáid na faisnéise atá le soláthar do na cliaint, dá dtagraítear i bpointe 31bag d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

   b. Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/568 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála chun glacadh le hionstraimí airgeadais a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargaí rialáilte, dá dtagraítear i bpointe 31bak d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

   c. Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/575 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála a bhaineann leis na sonraí atá le foilsiú ag ionaid forghníomhaithe maidir le cáilíocht fhorghníomhú na n-idirbheart, dá dtagraítear i bpointe 31bar d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

   d. Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/576 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála maidir le faisnéis ar chéannacht na n-ionad forghníomhaithe agus ar cháilíocht an fhorghníomhaithe a fhoilsiú go bliantúil ag gnólachtaí infheistíochta, dá dtagraítear i bpointe 31bas d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

   e. Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála maidir le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúraithe, lamháltais astaíochtaí agus díorthach, dá dtagraítear i bpointe 31baz d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE

   f. Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/585 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le caighdeáin sonraí agus le formáidí do na sonraí tagartha ionstraime airgeadais agus le bearta teicniúla a bhaineann le socruithe le déanamh ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus ag na húdaráis inniúla, dá dtagraítear i bpointe 31bazb d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

   g. Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/586 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh an mhalartaithe faisnéise idir údaráis inniúla nuair a bhítear ag déanamh comhar i ngníomhaíochtaí maoirseachta, i bhfíoruithe ar an láthair, agus in imscrúduithe, dá dtagraítear i bpointe 31bazc d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

   h. Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1018 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis a bhfuil fógra le tabhairt ina leith ag gnólachtaí infheistíochta, oibreoirí margaidh agus institiúidí creidmheasa, dá dtagraítear i bpointe 31bazp d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

i. Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1799 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bainc cheannais tríú tíortha áirithe a dhíolmhú i bhfeidhmiú a mbeartas airgeadaíochta, malairte eachtraí agus cobhsaíochta airgeadais ó cheanglais trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála, dá dtagraítear i bpointe 31bazt d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

j. Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1943 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le faisnéis agus ceanglais chun gnólachtaí infheistíochta a údarú, dá dtagraítear i bpointe 31bazu d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

k. Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2194 ón gCoimisiún an 14 Lúnasa 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais i ndáil le horduithe pacáiste, dá dtagraítear i bpointe 31bazz d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

l. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/824 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2016 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le hábhar agus formáid na tuairisce ar fheidhmiú saoráidí trádála iltaobhacha agus saoráidí trádála eagraithe agus maidir le fógra a thabhairt don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, dá dtagraítear i bpointe 31bad d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

m. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/953 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2017 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le formaid agus tráthú na dtuairiscí ar shuíomh ó ghnólachtaí infheistíochta agus ó oibreoirí margaidh na n-ionad trádála, de bhun Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, dá dtagraítear i bpointe 31bazk d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

n. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/980 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2017 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le foirmeacha caighdeánacha, teimpléid agus nósanna imeachta le haghaidh comhar i ngníomhaíochtaí maoirseachta, fíoruithe ar an láthair, agus imscrúduithe agus malartú faisnéise idir údaráis inniúla i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá dtagraítear i bpointe 31bazl d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

o. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/981 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2017 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le foirmeacha caighdeánacha, teimpléid agus nósanna imeachta chun dul i gcomhairle le húdaráis inniúla eile sula ndeonófar údarú i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá dtagraítear i bpointe 31bazm d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

p. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/988 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2017 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le foirmeacha caighdeánacha, teimpléid agus nósanna imeachta le haghaidh socruithe comhair maidir le hionad trádála a mbeidh tábhacht shuntasach ag baint lena oibríochtaí i mBallstát óstach, dá dtagraítear i bpointe 31bazn d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

q. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1093 ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2017 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le formáid na dtuairiscí ar shuíomh ó ghnólachtaí infheistíochta agus ó oibreoirí mhargaidh, dá dtagraítear i bpointe 31bazq d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

r. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1111 ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2017 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le nósanna imeachta agus foirmeacha chun faisnéis a chur isteach maidir le smachtbhannaí agus bearta i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá dtagraítear i bpointe 31bazs d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

s. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1944 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2017 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le foirmeacha caighdeánacha, teimpléid agus nósanna imeachta don phróiseas comhairliúcháin idir údaráis inniúla ábhartha i ndáil le fógra faoi éadáil atá beartaithe maidir le sealúchas cáilitheach i ngnólacht infheistíochta i gcomhréir le Treoracha 2004/39/CE agus 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá dtagraítear i bpointe 31bazv d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

t. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1945 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2017 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le fógraí a dhéanfaidh gnólachtaí infheistíochta iarrthacha agus gnólachtaí infheistíochta údaraithe agus fógraí chuig gnólachtaí infheistíochta iarrthacha agus chuig gnólachtaí infheistíochta údaraithe de réir Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá dtagraítear i bpointe 31bazw d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

u. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2382 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2017 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le foirmeacha caighdeánacha, teimpléid agus nósanna imeachta le haghaidh tarchur faisnéise i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá dtagraítear i bpointe 31bazze d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

v. Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/462 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2019 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1799 a mhéid a bhaineann le díolúine Bhanc Shasana ó na ceanglais trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála i Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá dtagraítear i bpointe 31bazt d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE;

2. Ordú a thabhairt don Íoslainn costais na n-imeachtaí sin a iompar

An cúlra dlíthiúil agus an cúlra fíorasach, mar aon le pléadálacha faoin dlí a tugadh ar aird chun tacú leis an méid sin:

— Leis an iarratas seo, lorgaíonn Údarás Faireacháin CSTE dearbhú gur mhainnigh an Íoslainn na bearta is gá a ghlacadh chun cuid dá dlíchóras inmheánach a dhéanamh de ghníomhartha áirithe a bhaineann leis an gcreat rialála maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, arna n-ionchorprú in Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE") trí Chinntí Uimh. 85/2019, agus 100/2019 ó Chomhchoiste LEE.

— Maíonn Údarás Faireacháin CSTE gur mhainnigh an Íoslainn a hoibleagáidí faoi Airteagal 7 de Chomhaontú LEE a chomhlíonadh trí gan cuid dá dlíchóras inmheánach a dhéanamh de na gníomhartha.

Caingean arna tionscnamh an 3 Meitheamh 2022 ag Údarás Faireacháin CSTE i gcoinne na hÍoslainne

(Cás E-8/22)

(2022/C 271/11)

Thug Údarás Faireacháin CSTE caingean i gcoinne na hÍoslainne os comhair Chúirt CSTE an 3 Meitheamh 2022, agus ionadaíocht á déanamh don Údarás sin ag Kyrre Isaksen, Ingibjörg-Ólöf Vilhjálmsdóttir, agus Melpo-Menie Joséphidès, ag gníomhú dóibh mar Ghníomhairí Údarás Faireacháin CSTE, Avenue de Arts 19H, B-1000 an Bhruiséil, an Bheilg.

Iarrann Údarás Faireacháin CSTE ar Chúirt CSTE an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. A dhearbhú gur mhainnigh an Íoslainn a hoibleagáidí faoi Airteagal 7 de Chomhaontú LEE a chomhlíonadh trí gan cuid dá dlíchóras a dhéanamh de na Gníomhartha seo a leanas, arna hoiriúnú le Prótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú sin:

   a. Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/98 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2015 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála chun na coinníollacha ginearálta maidir le feidhmiú choláistí na maoirseoirí, dá dtagraítear i bpointe 14e d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, a shonrú,

   b. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 710/2014 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2014 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil leis na coinníollacha a bhaineann leis an bpróiseas don chinneadh comhpháirteach maidir le ceanglais stuamachta institiúidsonracha a chur i bhfeidhm de réir Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá dtagraítear i bpointe 14b d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE

   c. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/99 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le feidhmiú oibríochtúil choláistí na maoirseoirí a chinneadh de réir Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá dtagraítear i bpointe 14f d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

   d. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/100 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonraítear an próiseas don chinneadh comhpháirteach maidir le ceanglais stuamachta institiúidsonracha a chur i bhfeidhm de bhun Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá dtagraítear i bpointe 14ae d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

   e. Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 527/2014 ón gCoimisiún an 12 Márta 2014 lena bhforlíontar Treoir (AE) Uimh. 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na haicmí ionstraimí a léiríonn go leordhóthanach an cháilíocht chreidmheasa a bhaineann le hinstitiúid mar ghnóthas leantach, ar ionstraimí iad is iomchuí a úsáid chun críoch luacha saothair inathraithigh, dá dtagraítear ag pointe 14g d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

   f. Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 604/2014 ón gCoimisiún an 4 Márta 2014 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le critéir cháilíochtúla agus chainníochtúla iomchuí chun catagóirí ball foirne a shainaithint a mbíonn tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca institiúide, dá dtagraítear ag pointe 14i d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

   g. Rialachán Tarmligthe (AE) 1152/2014 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2014 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le suíomh geografach na neamhchosaintí creidmheasa ábhartha a shainaithint chun rátaí maolán caipitil frith-thimthriallach institiúid-sonracha a ríomh, dá dtagraítear i bpointe 14k d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

   h. Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/861 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2016 lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 528/2014 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le riosca neamh-deilte na roghanna sa chur chuige maidir le riosca margaidh caighdeánaithe agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 604/2014 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le

caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le critéir cháilíochtúla agus chainníochtúla iomchuí chun catagóirí foirne a shainaithint a bhfuil tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca institiúide, dá dtagraítear i bpointe 14al agus 14i d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

i. Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/180 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2016 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le caighdeáin le haghaidh punanna tagarmharcála agus maidir le nósanna imeachta i ndáil le measúnaithe a roinnt, dá dtagraítear i bpointe 14n d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

j. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2070 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le teimpléid, sainmhínithe agus réitigh TF atá le húsáid ag institiúidí agus iad ag tuairisciú don Údarás Baincéireachta Eorpach agus do na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 78(2) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá dtagraítear i bpointe 14n d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

k. Rialachán Tarmligthe (AE) 524/2014 ón gCoimisiún an 12 Márta 2014 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis a sholáthraíonn údaráis inniúla ó Bhallstáit baile agus ó Bhallstáit óstacha dá chéile, dá dtagraítear i bpointe 14o d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

l. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 620/2014 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2014 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le malartú faisnéise idir údaráis inniúla ó Bhallstáit baile agus ó Bhallstáit óstacha, de réir Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá dtagraítear i bpointe 14p d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

m. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1486 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2017 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2070 a mhéid a bhaineann le punanna tagarmharcála agus treoracha tuairiscithe, dá dtagraítear ag pointe 14m d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE,

n. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/439 ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2019 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2070 a mhéid a bhaineann le punanna tagarmharcála, teimpléid tuairiscithe agus treoracha tuairiscithe atá le cur i bhfeidhm san Aontas maidir leis an tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 78(2) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá dtagraítear ag pointe 14m d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE;

2. Ordú a thabhairt don Íoslainn costais na n-imeachtaí sin a iompar

An cúlra dlíthiúil agus an cúlra fíorasach, mar aon le pléadálacha faoin dlí a tugadh ar aird chun tacú leis an méid sin:

— Leis an iarratas seo, lorgaíonn Údarás Faireacháin CSTE dearbhú gur mhainnigh an Íoslainn na bearta is gá a ghlacadh chun cuid dá dlíchóras inmheánach a dhéanamh de ghníomhartha áirithe a bhaineann leis an gcreat um cheanglais chaipitil do bhainc, arna n-ionchorprú in Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE") trí Chinntí Uimh. 80/2019, 81/2019, 82/2019, 83/2019 agus 17/2020 ó Chomhchoiste LEE.

— Maíonn Údarás Faireacháin CSTE gur mhainnigh an Íoslainn a hoibleagáidí faoi Airteagal 7 de Chomhaontú LEE a chomhlíonadh trí gan cuid dá dlíchóras inmheánach a dhéanamh de na gníomhartha laistigh den am a fhorordaítear.

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10747 – BHC / DUSSUR / BAKER PETROLITE SAUDI COMPANY JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 271/12)

1. An 8 Iúil 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Baker Hughes Company ("BHC") (SAM),

— Saudi Arabian Industrial Investments Company JSC ("Dussur"), á rialú ag Saudi Aramco (Ríocht na hAraibe Sádaí) agus ag Saudi Arabian Public Investment Fund ("PIF"),

— Baker Petrolite Saudi Company Limited ("JV Molta") (Ríocht na hAraibe Sádaí).

Gheobhaidh BHC agus Dussur rialú comhpháirteach ar an JV Molta de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é BHC máthairghnóthas grúpa teicneolaíochta fuinnimh de chuideachtaí a bhfuil punann éagsúil inniúlachtaí trealaimh agus seirbhíse acu a bhaineann leis an slabhra luachra fuinnimh agus tionsclaíoch ar fad agus a oibríonn i níos mó ná 120 tír,

— Is cuideachta infheistíochta straitéisí é Dussur.

3. Beidh an JV Molta gníomhach i ngnó na gceimiceán speisialtachta i Ríocht na hAraibe Sádaí.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

M.10747 – BHC / DUSSUR / BAKER PETROLITE SAUDI COMPANY JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10784 – BAIN CAPITAL / BPEA / CITIUSTECH)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 271/13)

1. An 6 Iúil 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Bain Capital Investors L.L.C. ("Bain Capital", na Stáit Aontaithe),

— Baring Private Equity Asia ("BPEA", Hong Cong agus Singeapór),

— CitiusTech Healthcare B.V. ("CitiusTech", an Ísiltír), lena n-áirítear a fhochuideachta CitiusTech Healthcare Technology Private Limited agus a fhochuideachtaí ("CT India") (ar a dtugtar an "Sprioc" le chéile).

Gheobhaidh Bain Capital agus BPEA comhrialú ar an Sprioc de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc (an "tIdirbheart").

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Bain Capital: gnólacht infheistíochta i gcothromas príobháideach a dhéanann infheistíochtaí i gcuideachtaí i roinnt tionscal, amhail teicneolaíocht na faisnéise, cúram sláinte, táirgí miondíola agus tomhaltóirí, cumarsáid, seirbhísí airgeadais agus an earnáil tionsclaíochta/monaraíochta,

— i gcás BPEA: gnólacht Pan-Áiseach a oibríonn i margaí príobháideacha. Bainistíonn grúpa BPEA clár infheistíochta cothromais phríobháidigh, clár a dhéanann urraíocht ar cheannaigh thar barr amach agus a sholáthraíonn caipiteal fáis do chuideachtaí le haghaidh leathnaithe nó éadálacha agus béim ar leith á cur ar réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, chomh maith le cistí tiomnaithe atá dírithe ar réadmhaoin phríobháideach agus creidmheas príobháideach,

— i gcas na Sprice: is cuideachta sealbhaíochta a bhfuil leas thart ar 80 % aici in CT India, ar soláthraí réiteach agus seirbhísí teicneolaíochta cúraim sláinte atá bunaithe san India. Soláthraíonn CT India innealtóireacht bogearraí, seirbhísí gairmiúla, tástáil uathoibrithe dearbhúcháin cáilíochta, sainchomhairleoireacht teicneolaíochta, anailísíocht/faisnéis gnó, agus seirbhísí seachfhoinsithe gnó agus próisis i réimse an chúraim sláinte.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10784 – BAIN CAPITAL / BPEA / CITIUSTECH

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA